LOBBYING.ie
An Clár Brústocaireachta
Register of Lobbying

Bearta le hullmhú chun cloí leis an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015

Sula leanann tú ar aghaidh, is féidir gur mian leat an Treoir Ghearr maidir leis an Acht a léamh.

1. Déan athbhreithniú ar shocruithe d'eagraíochta le haghaidh cumarsáid ábhartha a d'fhéadfadh teacht faoi raon an Achta a thaifeadadh agus sainaithin an príomhphearsanra lena mbaineann.

2. Nuair is gá, cuir socruithe i bhfeidhm chun an fhaisnéis sin a thaifeadadh ón 1 Meán Fómhair i mbliana.

3. Sainaithin an duine aonair/na daoine aonair atá freagrach as tuairisceáin a chlárú agus a thiomsú. Féadfar go ndéanfaidh níos mó ná fostaí amháin sonraí a iontráil sa chlár ar bhonn leanúnach agus iad a shábháil i bhfoirm dréachta (ar réimse príobháideach den chlár) sula gcuirfear isteach iad go foirmiúil.

4. Ainmnigh duine freagrach amháin laistigh de d'eagraíocht a chuirfidh an tuairisceán deiridh isteach ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus a dheimhneoidh gur ceart atá an fhaisnéis.

Téigh chuig www.LOBBYING.ie chun tuilleadh faisnéise a fháil

LOBBYING.IE
An Clár Brústocaireachta

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
18 Sráid Líosain Íochtarach | Baile Átha Cliath 2 | ÉIRE

Teileafón: 01-6395722 | R-phost: info@lobbying.ie | Twitter: @LobbyingIE